

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi bhuachaill óg a chan amhrán roimh chluiche rugbaí. Pléigh na ceistanna thíos leis an duine in aice leat:

1. Bhí Éire agus an Iodáil ag imirt cluiche rugbaí ar an 11 Feabhra. Cé a bhuaigh an cluiche agus cén scór a bhí ann?
2. Cantar dhá amhrán roimh chluichí na hÉireann in Éirinn. Cén fáth? Cad iad?
3. Seo na tíortha a ghlacann páirt i gCraobh na Sé Náisiún. Scríobh ainm gach tíre sna bearnaí thíos.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____



Féachaigí ar an bhfíseán beag [seo](#) agus freagraí na ceistanna faoi ansin.

Is féidir an físeán a scanadh anseo.



1. Conas a mhothaíonn tú nuair a éisteann tú leis an amhrán sin?
2. Cad a cheapann tú faoin mbuachaill óg atá ag canadh?



B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

| | |
|------------------------------|--|
| a) <i>international fame</i> | |
| b) <i>polish</i> | |
| c) <i>eventful</i> | |
| d) <i>attention</i> | |
| e) <i>commotion</i> | |
| f) <i>stage</i> | |
| g) <i>excellent</i> | |
| h) <i>self-confidence</i> | |
| i) <i>memory</i> | |
| j) <i>desires</i> | |

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin?

3. Cén Ghaeilge atá ar '*junior infants*' agus '*senior infants*'?

4. Cad iad na bealaí atá agat chun '*watching*' a rá as Gaeilge?

5. Tháinig an frása 'ar bís' aníos sna ceachtanna seo le déanaí. Cad is brí leis?

C: TUISCINT

1. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus breacaigí síos na pointí eolais is tábhachtaí ón mír. Caithfidh sibh achoimre ghearr a scríobh ar an méid a dúradh. Bíodh na pointí eolais thíos san áireamh san achoimre:

| |
|---|
| ✓ Cúlra Stevie Mulrooney: |
| ✓ An cluiche rugbaí: |
| ✓ An chúis a bhfuil clú idirnáisiúnta bainte amach ag Stevie: |
| ✓ Ullmhúchán Stevie Mulrooney roimh an gcluiche: |
| ✓ Na daltaí eile i rang Stevie: |
| ✓ Mianta Stevie don todhchaí: |



2. Dún do chuid nótaí ar fad agus tabhair achoimre ó bhéal don duine in aice leat ar ábhar na míre. Ná féach ar aon nótaí!

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ginideach)

a) Líon na bearnaí sna habairtí thíos ón mír leis an bhfoirm cheart den ainmfhocal sa tuiseal ginideach:

1. ... roimh chluiche rugbaí (**Éire**) _____ in aghaidh (**an Iodáil**) _____.
2. ... a chuir Stevie Mulrooney snas ar a chuid (**amhránaíocht**) _____.
3. ... ag canadh ina aonar ar pháirc (**an imirt**) _____ san Aviva.
4. ... agus Stevie thar n-ais ar scoil tar éis (**a thuras**) _____ ar Bhaile Átha Cliath.
5. ... bhí ionadh (**an domhan**) _____ orm.
6. ... B'fhéidir nach mairfidh cuimhne (**an cluiche**) _____ rófhada.
7. ... is cinnte go mairfidh cuimhne (**an buachaill beag**) _____.

b) Féach ar an mír arís agus éist go cúramach leis na samplaí sin. An raibh an ceart agat?

2: Saibhreas teanga (an díspeagadh nó 'diminutive' '-ín')

a) Thug an múinteoir Sylvia Knox 'leaidín beag' ar Stevie Mulrooney. Cén Béarla a chuirfeá ar 'leaidín'? _____

b) Cad is brí leis an díspeagadh '-ín' mar sin? _____

c) Féach ar na samplaí thíos den '-ín'. Cad is brí leis na focail a bhfuil líne fúthu?

1. Tar anseo, a stóirín.
2. Fan go gcloisfidh tú! Tá scéilín agam duit.
3. Is buachaillín beag galánta é.
4. Tá mo chroí istigh ionat, a mhuirín.
5. An ndéanfá jaibín beag dom?

d) Cloistear samplaí den 'een' i mBéarla na hÉireann chomh maith. Cad is brí leis an cinn seo? Conas a scríobhfá i nGaeilge iad?

| Leagan Béarla | Leagan Gaeilge |
|--------------------|----------------|
| <i>smithereens</i> | |
| <i>boreen</i> | |

✓ Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an díspeagadh nó 'diminutive' '-ín' ar www.snas.ie.

E: CUMARSÁID

1: Scríobh

- a) Dúirt Stevie gur mhaith leis a bheith ag canadh agus ag imirt rugbaí nuair a bheidh sé mór. Féach ar na frásaí sa tábla. Roghnaigh ceann amháin agus scríobh cúig abairt, nó mar sin, faoin méid ba mhaith leat féin a dhéanamh ag an am sin.

| | | | |
|-------------------|-----------------------|-----------------|---------|
| tar éis na scoile | tar éis na hollscoile | an samhradh seo | ar scor |
|-------------------|-----------------------|-----------------|---------|

| |
|--|
| |
| |
| |
| |
| |

- b) Scríobh cúig rud ba mhaith leat a dhéanamh sula bhfaighidh tú bás (*bucket list*).

| |
|--|
| |
| |
| |
| |
| |

2: Caint

- a) Bí ag obair i ngrúpaí agus inis do na daoine eile faoin méid ba mhaith leat a dhéanamh tar éis na scoile nó na hollscoile, nó an samhradh seo, nó nuair a bheidh tú ar scor. Bígí ag cur agus ag cúiteamh faoi na mianta éagsúla atá agaibh.
- b) Cad is brí leis an bhfrása Béarla '*bucket list*'? Cén fáth a n-úsáidtear an téarma sin? Cuir do liosta i gcomparáid le liostaí na ndaoine eile sa ghrúpa. Bígí ag cur agus ag cúiteamh faoi na mianta éagsúla atá agaibh.



AN SCRIPT

Siún Nic Gearailt

Anois, tá clú idirnáisiúnta bainte amach ag buachaill óg ó Chontae Chill Chainnigh ón ndeireadh seachtaine¹, ó chan sé i bPáirc an Aviva roimis² chluiche rugbaí na hÉireann in aghaidh na hIodáile. Is i nGaelscoil i gCill Chainnigh a chuir Stevie Mulrooney snas ar a chuid amhránaíochta. Agus maidin inniu bhí sé thar n-ais³ ar scoil tar éis a dheireadh seachtaine eachtrúil.

Tomás Ó Mainnín

Gan é ach ocht mbliana d'aois ón mí seo caite, tá aird idirnáisiúnta tarraingthe ar Stevie Mulrooney. Tá na milliúin atá tar éis é a fheiscint⁴ ag canadh ina aonar ar pháirc na himeartha san Aviva, Dé Domhnaigh seo imithe tharainn. Is anseo i nGaelscoil Osraí i gCill Chainnigh atá Stevie ar scoil. Agus maidin inniu, bhí deireadh leis an gclampar agus Stevie thar n-ais ar scoil tar éis a thuais ar Bhaile Átha Cliath.

Stevie Mulrooney, Cill Chainnigh

Yeah, bhí deireadh seachtaine *busy* agam. *Yeah*, bhí mé ag dul go dtí KCLR agus BBC. *Yeah*, bhí me ag dul go dtí a lán áiteanna.

Tomás Ó Mainnín

Agus anois tá tú ar TG4.

Stevie Mulrooney, Cill Chainnigh

Yeah, tá mé ar TG4 anois.

Tomás Ó Mainnín

Cad ba mhaith leatsa a dhéanamh nuair a bheidh tú mór?

Stevie Mulrooney, Cill Chainnigh

Ba mhaith liomsa canadh agus a bheith ag imirt rugbaí.

Sylvia Knox, Múinteoir Ceoil, Gaelscoil Osraí

Chuala mé Stevie nuair a bhí sé sna naíonáin bheaga. Tháinig sé isteach chugam agus chan sé rud éigin ar an ardán agus bhí ionadh an domhain orm. An leaidín beag sin leis an nguth mór. So, le déanaí, chuir Daid glaoch orm chun cabhrú leis ullmhú don Aviva. Agus, tháinig sé suas chuig mo theach agus rinneamar cúpla ceacht agus bhí sé ar fheabhas agus thóg sé gach rud ar bord a dúirt mé leis. Agus, *just*, ní chreidim an fhéinmhuinín atá ag an leaid sin. Tá sé *just* ar fheabhas ar fad.

Siobhán Ní Chorcora, Príomhoide Ghaelscoil Osraí

Bhí áthas an domhain orainn fáilte a chur roimhe ar maidin agus é ag filleadh, agus bhí na páistí eile, na daltaí eile sa rang, bhíodar ar bís chun fáilte a chur roimhe, mar gan amhras, bhíomar ar fad ag faire air ar an dteilifís.

Tomás Ó Mainnín

B'fhéidir nach mairfidh cuimhne an chluiche rófhada ach is cinnte go mairfidh cuimhne an bhuachalla bhig ó Chill Chainnigh a spreag na Gaeil chun imeartha. Lena mhianta féin tagtha chun fírinne go dtí seo aige, b'fhéidir nach bhfuil deireadh feicthe go fóill de Stevie Mulrooney ar pháirc na himeartha. Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4, i nGaelscoil Osraí, i gCill Chainnigh.

¹ Canúint na Mumhan atá ag na cainteoirí seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.

² roimis = leagan canúnach de 'roimh'

³ thar n-ais = leagan canúnach de 'ar ais'

⁴ feiscint = leagan canúnach de 'feiceáil'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

- 36 (Éire) – 0 (an Iodáil) an scór a bhí ann.
- Bíonn imreoirí ó Thuaisceart Éireann ag imirt i bhfoireann Rugbaí na hÉireann agus dá bhrí sin roghnaíodh amhrán eile (*Ireland's Call*), nach amhrán náisiúnta na Poblachta é, a sheasfadh don fhoireann iomlán. De ghnáth, ní chantar ach *Ireland's Call*, ach nuair a imrítear cluiche in Éirinn, cantar an dá amhrán.
1. An Fhrainc; 2. Éire; 3 An Bhreatain Bheag; 4 An Iodáil; 5 Albain; 6 Sasana.

B: FOCLÓIR

- Féach :

| | |
|------------------------------|-------------------|
| a) <i>international fame</i> | clú idirnáisiúnta |
| b) <i>polish</i> | snas |
| c) <i>eventful</i> | eachtrúil |
| d) <i>attention</i> | aird |
| e) <i>commotion</i> | clampar |
| f) <i>stage</i> | ardán |
| g) <i>excellent</i> | ar fheabhas |
| h) <i>self-confidence</i> | féinmhuinín |
| i) <i>memory</i> | cuimhne |
| j) <i>desires</i> | mianta |

- Téigh siar ar an stór focal a bhí acu féin.
- Naíonáin mhóra agus naíonáin bheaga.
- Ag faire, ag féachaint, ag amharc, ag breathnú.
- Ar bís – *excited*.

C: TUISCINT

Féach ar an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ginideach)

Féach:

- ... roimh chluiche rugbaí **na hÉireann** in aghaidh **na hIodáile**.
- ... Is i nGaelscoil i gCill Chainnigh a chuir Stevie Mulrooney snas ar a chuid **amhránaíochta**.
- ... ag canadh ina aonar ar pháirc **na himeartha** san Aviva.
- ... agus Stevie thar n-ais ar scoil tar éis **a thurais** ar Bhaile Átha Cliath.
- ... bhí ionadh **an domhain** orm.
- ... B'fhéidir nach mairfidh cuimhne **an chluiche** rófhada.
- ... is cinnte go mairfidh cuimhne **an bhuachalla bhig**.

2: Saibhreas teanga (an díspeagadh nó ‘diminutive’ ‘-ín’)

- a) *Young lad* nó *wee fella*.
- b) Ciallaíonn an díspeagadh ‘-ín’ *beag*. Ach is féidir leis go leor rudaí eile a chur in iúl freisin – grá, searbhias, dímhias – ag brath ar an gcomhthéacs.
- c) Féach:
 1. A stóirín – *my little treasure*: ag cur grá in iúl.
 2. Scéilín – *a small story; yarn, bit of craic, news*: ag insint rúin.
 3. Buachaillín – *young boy, little boy*: ag cur searbhias in iúl, b’fhéidir.
 4. A mhuirnín – *beloved, precious*: ag cur grá in iúl.
 5. Jaibín – *a wee, small job*: ag iarraidh gair.

d) Féach:

| Leagan Béarla | Leagan Gaeilge |
|--------------------|--------------------------|
| <i>smithereens</i> | smidiríní (píosaí beaga) |
| <i>boreen</i> | bóithrín (bóthar beag) |

E. Cumarsáid

1: Scríobh

Tabhair deis do na foghlaimeoirí deich líne a scríobh faoi am faoi leith sa todhchaí agus faoi na rudaí ba mhaith leo a dhéanamh sula bhfaighidh siad bás.

2: Caint

Iarr orthu ansin na pointí a scríobh siad faoi **Scríobh** a phlé agus a chur i gcomparáid leis an méid a scríobh na daoine eile sa ghrúpa. Síolraíonn an téarma ‘*bucket list*’ ón bhfrása sa Bhéarla – ‘*to kick the bucket*’.

Curtha ar fáil ag



Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolalochta



An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

